AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.3.2022
COM(2022) 116 final

2022/0081 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh in ullmhú don 19ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES CoP19)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in ullmhú don 19ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol, i ndáil le leasuithe atá beartaithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol

Is é is aidhm don Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (an 'Coinbhinsiún' nó CITES) ainmhithe agus plandaí fiáine a chosaint ar róshaothrú trí thrádáil idirnáisiúnta. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Iúil 1975.

Is páirtithe sa Choinbhinsiún iad an tAontas agus a Bhallstáit uile[1].

2.2. Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún

Arna bhunú de bhun Airteagal XI den Choinbhinsiún, is é Chomhdháil na bPáirtithe (CoP) comhlacht rialaithe an Choinbhinsiúin. Tagann CoP le chéile gach 2 go 3 bliana chun cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a athbhreithniú. Go sonrach, chun críocha an togra seo, measann agus glacann CoP tograí chun na liostaí de na speicis ainmhithe agus plandaí atá i mbaol a áirítear i bhFoscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú.

2.3. Na cinntí atá beartaithe de chuid Chomhdháil na bPáirtithe

Le linn a 19ú cruinniú (CoP19) ón 14 go dtí an 25 Samhain 2022, déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe cinneadh ar thograí chun Foscríbhinní CITES (na 'tograí liostaithe') a leasú. Is é an cuspóir atá le speicis áirithe (nó grúpaí speiceas áirithe) a chur san áireamh sna Foscríbhinní trádáil tráchtála sna speicis sin a rialú agus faireachán a dhéanamh uirthi (Foscríbhinn II) nó an céanna a chosc go ginearálta (Foscríbhinn I).

Mar chodanna dílse den Choimisiún, tá na Foscríbhinní ceangailteach ó thaobh an dlí de. Faoi Airteagal XV(1)(c) den Choimisiún, bíonn feidhm ag leasuithe a chinneann CoP 90 lá tar éis chur i gcrích CoP.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

I gcomhréir le hAirteagal XV(1) den Choinbhinsiún, féadfaidh aon Pháirtí leasuithe ar Fhoscríbhinn I nó II a mholadh lena mbreithniú ag CoP19. Tá téacs an leasaithe atá beartaithe le cur in iúl do Rúnaíocht an Choinbhinsiúin 150 lá ar a laghad roimh an gcruinniú, i.e. faoin 17 Meitheamh 2022.

Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal XVI den Choinbhinsiún, féadfaidh aon Pháirtí a chur faoi bhráid na Rúnaíochta liosta de na speicis a shainaithníonn sé mar speicis atá faoi réir rialaithe laistigh dá dhlínse, d'fhonn dúshaothrú a chosc nó a shrianadh, agus a bhfuil comhar Páirtithe eile i rialáil trádála de dhíth ina leith. Cé gur féidir aighneacht den sórt sin a

[1] Cinneadh (AE) 2015/451 ón gComhairle an 6 Márta 2015 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) IO L 75, 19.3.2015, lch. 1-3.

dhéanamh tráth ar bith, le mír 3 de Rún Comhdhála 9.25 (Rev. CoP18) de Chomhdháil na bPáirtithe in CITES moltar go ndéanfaidh Páirtí a bhfuil sé ar intinn aige speiceas a chur san áireamh i bhFoscríbhinn III an Rúnaíocht a chur ar an eolas maidir lena intinn ar a laghad 3 mhí roimh chruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe. Déantar sin lena áirithiú go rachaidh sé i bhfeidhm ar an dáta céanna le leasuithe ar Fhoscríbhinní I agus II a ghlactar ag an gcruinniú.

Má ghlactar iad, is dóigh go ndéanfar difear leis na tograí liostaithe do rialacha an Aontais, toisc go mbeadh leasuithe ar reachtaíocht ábhartha an Aontais i gceist leo, go háirithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle[2], i gcás nach mór athruithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a léiriú. Dá thoradh sin bhunófaí srianta ar thrádáil ón Aontas, isteach san Aontas agus laistigh den Aontas sa speiceas lena mbaineann na hathruithe sin. Tá éifeachtaí dlíthiúla comhchosúla ag an aighneacht faoi Airteagal XVI den Choinbhinsiún.

Bhí saineolaithe ó Bhallstáit an Aontais agus ón gCoimisiún ag breithniú grúpaí tacsanomaíocha éagsúla chun speicis atá faoi bhagairt mar gheall ar thrádáil idirnáisiúnta agus, dá bharr sin, a bhféadfadh na critéir lena gcur san áireamh i gceann d'Fhoscríbhinní CITES a chomhlíonadh, ag féachaint do thograí agus aighneachtaí ón Aontas chun na speicis sin a liostú tráth CoP19. Mar thoradh ar na breithnithe sin, déantar tagairt do 12 dhréacht-togra maidir le speicis a chur san áireamh i bhFoscríbhinní I nó II CITES sa Cinneadh ón gComhairle atá beartaithe.

Tá sé molta speiceas amháin (*Cuora galbinifrons*) a aistriú ó Fhoscríbhinn II go Foscríbhinn I CITES, i gcomhréir leis an gconclúid de chuid Choiste um Ainmhithe CITES go gcomhlíonann an speiceas na critéir lena chur san áireamh i bhFoscríbhinn I,[3] mar a shainítear i mír 1 d'Airteagal II de CITES, eadhon go bhfuil an speiceas i mbaol a ndíothaithe agus go ndéanann trádáil difear dó.

Moltar le 11 thogra eile gur cheart speiceas aonair nó grúpa speiceas (a liostaítear ag leibhéal tacsanomaíoch níos airde) a chur san áireamh i bhFoscríbhinn II CITES, i gcomhréir leis na critéir i mír 2 d'Airteagal II den Choinbhinsiún agus leis an treoir bhreise i Rún CoP 9.24 (Rev. CoP17). I ngach cás tá an measúnú sin bunaithe ar an litríocht eolaíoch agus ar fhoinsí eile d'fhaisnéis eolaíoch, lena n-áirítear catagóiriú na speiceas de réir Liosta Dearg na Speiceas faoi Bhagairt a thiomsaigh an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN) agus, i gcás ina bhfuil fáil orthu, sonraí trádála a fhaightear ó Bhunachar Sonraí ar Thrádáil de chuid CITES, chomh maith le faisnéis thírshonrach maidir le stádas caomhantais na speiceas agus bearta cosanta atá ann cheana.

Breithníodh na dréacht-tograí liostaithe sin ag cruinnithe den Ghrúpa Saineolaithe de chuid údaráis bhainistíochta CITES na mBallstát agus ag cruinniú *ad hoc* d'ionadaithe d'údaráis eolaíochta na mBallstát le haghaidh CITES. I gcomhréir le Rún CoP 9.24 (Rev. CoP17), chuaigh an Coimisiún i gcomhairle freisin le stáit raoin na speiceas atá á mbreithniú lena liostú. Lorg an Coimisiún a dtuairimí maidir le liostú féideartha faoin gCoinbhinsiún, spreag sé iad chun faisnéis eolaíoch ábhartha a roinnt agus, i gcás inar thacaigh stáit raoin le togra liostaithe, d'iarr sé orthu comhoibriú leis an Aontas chun an togra a chur faoi bhráid na Rúnaíochta. Beartaítear cruinnithe tiomnaithe le geallsealbhóirí an Aontais agus le hionadaithe ó thríú tíortha maidir le tograí liostaithe féideartha an Aontais le haghaidh earrach 2022.

---

[2] Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil, IO L 61, 3.3.1997, lgh. 1-134.

[3] Pointe 20.3.8 i dtaifead achomair an 28ú cruinniú de chuid an Choiste, a tionóladh in 2015, ag https://cites.org/sites/default/files/eng/com/ac/28/E-AC28-SumRec.pdf.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

Déantar foráil le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear leis an gcoincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis an gcoincheap freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach 'a bhféadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh'[4].

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht í Comhdháil na bPáirtithe arna cur ar bun le comhaontú, eadhon CITES.

Na leasuithe ar Fhoscríbhinní I agus II CITES a bhfuil CoP le cinneadh a dhéanamh ina leith, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Toisc gur cuid lárnach den Choinbhinsiún iad, beidh na Foscríbhinní leasaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta.

Cé nach n-éilítear ó fhógra a bhaineann le Foscríbhinn III cinneadh ó CoP, is iomchuí é a chur san áireamh sa chinneadh seo ar chúiseanna comhsheasmhachta, i bhfianaise na leasuithe ar Fhoscríbhinn III a dhéanann difear do Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle freisin.

Le leasuithe ar na Foscríbhinní, ní forlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Choinbhinsiúin.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe ar ina leith a nglactar seasamh thar ceann an Aontais. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí á saothrú leis san am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan ceann amháin a bheith teagmhasach leis an gceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí áirithe a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

[4] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Maidir leis na cinntí atá beartaithe ag CoP, saothraítear leo cuspóirí i réimsí an ‘chomhshaoil’ agus na ‘trádála’ agus tá comhpháirteanna iontu a bhaineann leis na réimsí sin. Tá na gnéithe sin den ghníomh atá beartaithe i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith teagmhasach maidir leis an gceann eile.

Dá bhrí sin, tá na forálacha seo a leanas sa bhunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe: Airteagal 192(1) agus Airteagal 207(3) agus (4) an chéad fhomhír.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 192(1) agus Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

2022/0081 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh in ullmhú don 19ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES CoP19)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) agus Airteagal 207(3) agus (4) an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (an 'Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh (AE) 2015/451 ón gComhairle an 6 Márta 2015[5], agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1975.

(2) De bhun Airteagal XI(3) den Choinbhinsiún, féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe, *inter alia*, cinntí a ghlacadh chun Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú.

(3) Ina theannta sin, de bhun Airteagal XVI den Choinbhinsiún, féadfaidh aon Pháirtí a chur faoi bhráid na Rúnaíochta liosta de na speicis a shainaithníonn sé mar speicis atá faoi réir rialaithe laistigh dá dhlínse, d'fhonn dúshaothrú a chosc nó a shrianadh, agus a bhfuil comhar Páirtithe eile i rialáil trádála de dhíth ina leith.

(4) Déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, le linn a 19ú cruinniú ón 14 go dtí an 25 Samhain 2022, cinneadh maidir le tograí chun Foscríbhinní I agus II CITES a leasú. Ní mór do na Páirtithe na tograí sin a chur faoi bhráid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin faoin 17 Meitheamh 2022.

(5) Tá aighneachtaí chun speicis a chur san áireamh i bhFoscríbhinn III, nach bhfuil cinneadh ó Chomhdháil na bPáirtithe ag teastáil ina leith, le déanamh, mar sin féin, ar a laghad 3 mhí roimh cheann dá cruinnithe.

(6) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir le tograí liostaithe atá le cur faoi bhráid Chomhdháil na bPáirtithe, toisc go mbeidh na leasuithe ar na Foscríbhinní ina gceangal ar an Aontas.

(7) Tá an seasamh atá beartaithe le glacadh maidir le tograí liostaithe atá le breithniú ag Comhdháil na bPáirtithe bunaithe ar anailís shaineolach ar fhiúntas na dtograí sin, i gcomhréir leis na critéir arna mbunú sa Choinbhinsiún agus de réir na fianaise eolaíche is fearr atá ar fáil. Leis an bhfianaise sin tacaítear leis na liostuithe ar leith atá beartaithe leis an gCinneadh seo, chun a áirithiú nach bhfuil trádáil sa speiceas lena mbaineann ina bagairt ar a mharthanas san fhiántas.

[5] IO L 75, 19.3.2015, lgh. 1-3.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na tograí atá le déanamh ag an Aontas le haghaidh leasuithe ar Fhoscríbhinní CITES, atá le déanamh tráth an 19ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol, leagtar amach in Iarscríbhinn 1 iad.

Airteagal 2

An aighneacht maidir le cur san áireamh i bhFoscríbhinn III CITES atá le déanamh ag an Aontas tráth an 19ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol, leagtar amach in Iarscríbhinn 2 í.

Airteagal 3

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán